# Nuálaíocht chun Todhchaí Inbhuanaithe, níos Sábháilte agus níos Fearr a mhúnlú



**Plean Straitéiseach UCNÉ (NSAI) 2022-2026**

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá ón Aire | 2 |
| Réamhrá ón gCathaoirleach | 3 |
| Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin | 4 |
| Aidhmeanna agus Colúin Straitéiseacha | 7 |
| Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara | 12 |
| Timpeallacht an Mhargaidh Sheachtraigh | 14 |
| Ailíniú le Straitéis na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | 20 |
| Misean, Fís agus Luachanna | 22 |
| Tionscnaimh Straitéiseacha Tionscadail | 25 |
| Rath a mheas le Scórchárta Ualaithe de Mhéadrachtaí | 36 |

# Réamhrá



# Réamhfhocal ón Aire English



Tá áthas orm Plean Straitéiseach an UCNÉ le haghaidh 2022 go 2026, Nuálaíocht chun Todhchaí Inbhuanaithe, níos Sábháilte agus níos Fearr a mhúnlú, a fheiceáil ag teacht chun críche. Is gníomhaireacht ríthábhachtach é an UCNÉ d'fhiontar Éireannach, agus go háirithe do ghnóthais atá lonnaithe in Éirinn, idir bheag agus mhór, atá ag iarraidh fás i margaí onnmhairíochta, cibé acu go díreach nó trí pháirt a ghlacadh i slabhraí soláthair domhanda, áit a bhfuil an bailíochtú a chuirtear ar fáil le caighdeáin agus le deimhniúchán thar a bheith luachmhar.

Tá obair an UCNÉ, ó thaobh caighdeán, deimhniúchán, agus méadreolaíocht, an-teicniúil agus an-eolaíoch, ach tá baint láidir aici freisin leis an oiread sin gnéithe d'earraí a mbíonn saoránaigh agus gnólachtaí ag brath orthu sa saol laethúil. Agus muid ag féachaint timpeall orainn inár dtithe, inár n-oifigí, nó inár n-ionaid oibre, agus in áiteanna a bhfaighimid earraí agus seirbhísí tábhachtacha, is féidir linn forleithneacht an mhairc "CE" a fheiceáil, an tábhacht a bhaineann le caighdeáin le haghaidh idir-inoibritheacht idir rudaí éagsúla, agus an luach bunúsach atá ag aonaid tomhais iontaofa. Sa saol laethúil, tá seans maith go dtiocfaidh muid trasna ar rudaí atá ann de bharr caighdeán, deimhniúcháin, nó tomhas, agus is iad na rudaí seo atá mar thoradh ar obair an UCNÉ.

Bhí ról lárnach ag an UCNÉ i bhfreagairt na hÉireann ar dhúshláin shuntasacha na paindéime Covid-19, agus go háirithe ó thaobh cumas gnólachtaí na hÉireann dul i mbun gnó arís agus feidhmiú go sábháilte. Sa chomhthéacs seo bhí tionchar an UCNÉ an-láidir san earnáil mhiondíola, arb é an fostóir is mó sa Stát san earnáil phríobháideach freisin é, leis an treoir mhionsonraithe do mhiondíol go ginearálta agus d'ionaid siopadóireachta go háirithe.

Is cúis áthais agus misnigh dom go bhfuil Plean Straitéiseach nua an UCNÉ ailínithe go láidir le cuid de na tosaíochtaí tras-Rialtais is tábhachtaí atá againn do na blianta atá le teacht. Mar sin, tugann an Straitéis seo tosaíocht do Ghníomhú ar son na hAeráide agus don Inbhuanaitheacht; don Chlaochlú Digiteach; don Tógáil, le fócas ar leith ar Thithíocht; agus don Teicneolaíocht Leighis. Is deiseanna agus dúshláin sáraitheacha iad seo ní hamháin don UCNÉ, ach don Rialtas, don AE, agus go deimhin don phobal domhanda ar fad.

Is eagraíocht eolas-bhunaithe é an UCNÉ, a bhfuil saineolas agus cáilíocht na ndaoine san eagraíocht ríthábhachtach. Trína fhochuideachta seanbhunaithe i SAM, agus a fhochuideachta níos nuaí sa RA, tá an UCNÉ in ann an t-eolas agus an saineolas seo a ghiaráil ar mhaithe le fiontair atá lonnaithe in Éirinn chun fás sna margaí eile seo, agus freisin chun ár n-iomaíochas a fheabhsú do FDI ag teacht isteach go hÉirinn ó na dlínsí sin.

Guím gach rath ar an UCNÉ lena Straitéis nua uaillmhianach agus an ceart acu a bheith uaillmhianach leis, agus táim ag tnúth le bheith ag obair leis an mBord agus leis an bhfoireann ar fad chun rathúlacht leanúnach a chinntiú.

**Damien English TD**
Aire Stáit do Ghnó,
Fostaíocht agus Miondíol

# Réamhrá an Chathaoirligh



Mar Chathaoirleach ar Bhord an UCNÉ, tá an-áthas orm ár Straitéis Chorparáideach, do na cúig bliana amach romhainn, a chur i láthair.

Mar gheall go n-oibríonn an UCNÉ i bpáirt le tomhas eolaíoch agus beartas rialtais, bíonn an obair a dhéanann an UCNÉ ag athrú de shíor. Is é an dúshlán atá roimh ár n-eagraíocht ná coinneáil suas le forbairtí a bhféadfadh impleachtaí forleathana a bheith acu ar an gcaoi a gcaitheann muid ár saol.

Thaispeáin an t-am atá thart dúinn an tábhacht a bhaineann le caighdeáin inár dtodhchaí.

De réir mar a thagann saincheisteanna domhanda maidir le hathrú aeráide, teicneolaíochtaí nua agus trádáil idirnáisiúnta chun cinn, tá ról na gcaighdeán le feiceáil go soiléir. Mar sin féin, ní leor do phobal na gcaighdeán, caighdeáin a fhorbairt - chun cabhrú linn féidearthacht na gcaighdeán a bhaint amach, ní mór don phobal gnó freagracht a ghlacadh as a chinntiú go bhfuil na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr mar chuid dá gcuid próisis agus táirgí oibriúcháin.

Cuireann cur i bhfeidhm na gcaighdeán ar chumas eagraíochtaí, lucht déanta beartas, rialtóirí agus an rialtas leas a bhaint as na cleachtais idirnáisiúnta is fearr i réimsí a bhfuil tábhacht bhunúsach leo, ní hamháin don ghnó agus don chomhshaol ach don saoránach freisin.

Leagtar amach sa straitéis uaillmhianach seo pleananna chun todhchaí níos sábháilte, níos fearr agus níos inbhuanaithe a chruthú agus a mhúnlú.

Is mian liom aitheantas a thabhairt d'ionchur na bpáirtithe leasmhara sa phróiseas seo agus tacaíocht leanúnach an Aire agus ár gcomhghleacaithe sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, a thacaigh le forbairt an UCNÉ ó bunaíodh é. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le mo chomhghleacaithe ar an mbord, leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann as a dtiomantas do straitéis chuimsitheach dhúshlánach a fhorbairt a leagann amach treo an UCNÉ sna cúig bliana amach romhainn.

Tá tús á chur anois leis an gcéad chéim eile i dturas an UCNÉ agus muid ag úsáid ár n-acmhainní chun freastal ar na dúshláin a bhaineann lenár gcuspóirí straitéiseacha.

**James Kennedy**
**Cathaoirleach**



# Teachtaireacht ó Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an UCNÉ

Tá áthas orm straitéis an UCNÉ 2022 – 2026 Nuálaíocht chun Todhchaí Inbhuanaithe, níos Sábháilte agus níos Fearr a mhúnlú, a chur i láthair.

Léirigh na himeachtaí le blianta beaga anuas a athléimní agus atá muid mar thír. Mar eagraíocht, tá léirithe ag an UCNÉ chomh maith a athléimní agus is féidir linn a bheith in aghaidh na ndúshlán a chuir agus a chuireann Covid 19 amach romhainn. Le fógairt ár straitéise nua, tá deis againn freastal ar fhiontair i dtéarnamh an gheilleagair agus cúnamh a thabhairt maidir le réitigh a sholáthar a thagann le tírdhreach athraitheach sa chaoi a n-oibríonn gnó inniu agus amárach i ndomhan iar-phaindéime ina bhfuil inbhuanaitheacht, gníomhú ar son na haeráide agus luas na nuálaíochta teicneolaíochta chun tosaigh.

Ceann de na saincheisteanna ríthábhachtacha a tháinig chun cinn i bhforbairt na straitéise seo ná an chaoi a bhféadfaimis ár n-eolas agus ár saineolas a úsáid, de réir eolais an phobail um chaighdeáin idirnáisiúnta, chun ár bpobal gnó domhanda a nascadh, a éascú agus a fhorbairt agus ailíniú le beartas rialtas na hÉireann ag an am céanna.

Agus é sin á dhéanamh againn tá sé mar aidhm againn tacú leis an sprioc maidir le hÉirinn a chur chun cinn mar an áit is fearr ó thaobh rathúlachta gnó ar fud na hÉireann dár bpáirtithe leasmhara go léir. Cuirfidh an straitéis seo ar chumas an UCNÉ na deiseanna a chuireann éagsúlacht na nuálaíochta ar fáil a uasmhéadú, deiseanna a fheicimid trínár gcuid oibre ó thaobh caighdeán, deimhniúcháin agus méadreolaíochta agus muid ag súil le agus ag tacú le riachtanais gheilleagar na hÉireann sa todhchaí.

Tá fairsinge agus doimhneacht an eolais seo le feiceáil i measc ár spriocanna straitéiseacha a chuimsíonn go leor beartais náisiúnta, go háirithe fás FBManna, gníomhú ar son na haeráide, claochlú digiteach, fás i dteicneolaíocht an leighis agus comhlíonadh gealltanais faoi bheartas 'Tithíocht do Chách' an Rialtais.

Léiríonn an straitéis seo deiseanna suntasacha don UCNÉ cur leis na príomhthosaíochtaí náisiúnta seo agus ról ceannaireachta a ghlacadh iontu. Soláthróidh an UCNÉ tacaíocht ríthábhachtach don earnáil phoiblí agus phríobháideach chun spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach.

Ó thaobh an UCNÉ, is tréimhse iontach í 2022 do thodhchaí na heagraíochta agus sa doiciméad seo, tá mé bródúil as ráitis nua Misean, Fís agus Luachanna a fhógairt, a threoróidh forbairt leanúnach ár gcultúr eagraíochtúil agus na straitéise seo.

Chun uaillmhian na straitéise seo a bhaint amach beidh ar an UCNÉ dul i mbun comhchruthú leis na páirtithe leasmhara ar fad chun ár stórtha eolais a chur ar fáil, chun úsáid caighdeán a leathnú agus a fheabhsú ó thaobh fiontair a chothú agus chun athléimneacht, éifeachtúlacht agus iomaíochas gnó a fheabhsú. Forbróimid bealaí nua chun a chur ar chumas fiontair rochtain a fháil ar ár n-eolas agus forbróimid cláir scaipthe agus comhchruthaithe ar fud na n-earnálacha ar fad a bhfreastalaímid orthu.

Bainfear rathúlacht na straitéise nua amach trí chur chun feidhme comhchoiteann

seacht dtionscadal straitéiseacha an UCNÉ, a thomhaistear le baint amach sceidil de phríomhmhéadrachtaí feidhmíochta ag baint úsáide as struchtúr miondealaithe oibre. Treisíonn nádúr tras-eagraíochta na straitéise seo mo thuairim, sé sin nuair a thagann daoine le chéile ó ghníomhaíochtaí de chuid an UCNÉ, a shamhlaítear a bheith neamhghaolmhar, gur féidir leo agus go mbíonn rath iontach orthu.

Is eagraíocht eolas-bhunaithe í an UCNÉ, agus tá sé ríthábhachtach dár rathúlacht, ó thaobh beart a dhéanamh de réir ár mbriathair ar son na hÉireann agus ár bpobal gnó domhanda, ár n-acmhainn is tábhachtaí, is é sin ár ndaoine a mhealladh agus a choinneáil.

Gné ríthábhachtach den straitéis seo is ea bealaí nuálacha a fhorbairt chun a chinntiú go gcoinneofar agus go n-earcófar na daoine is fearr atá ar fáil.

Is mian liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhghleacaithe san UCNÉ, lenár mBord, leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, a chuir le cruthú straitéise láidir agus uaillmhianach a chuirfidh ar chumas an UCNÉ sármhaitheas don fhiontraíocht a thiomáint agus tacú leis, fás eacnamaíoch marthanach a chur chun cinn agus cosaint na sochaí a chinntiú ar feadh na blianta amach romhainn.

Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghabháil le gach duine ó Ingenium as muid a threorú tríd an bpróiseas.

**Geraldine Larkin**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Spriocanna agus Colúin Straitéiseacha




NSAI

Chuir an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) tús lena phróiseas forbartha straitéise i mí na Bealtaine 2021 chun a threo straitéiseach a athnuachan don tréimhse 2022 – 2026. Bhí sé i gceist ag Bord agus Foireann Bainistíochta an UCNÉ go mbeadh an athnuachan seo mar dheis don UCNÉ punann seirbhíse feabhsaithe a sholáthar a chuirfidh ar chumas na bhfiontar a bhfreastalaíonn sé orthu forbairt agus fás ar bhealach inbhuanaithe. Le linn an phróisis aithníodh agus rinneadh measúnú ar na treochtaí athraitheacha ar fud na margaí náisiúnta agus domhanda a bhfreastalaíonn an UCNÉ orthu, chomh maith le glacadh le teaglaim d'fhorbairtí amach anseo sa mhargadh, go háirithe iad siúd as a dtiocfaidh athruithe suntasacha agus bunúsacha do na fiontair a dtacaíonn an UCNÉ leo chun a chinntiú go mbeidh an straitéis athnuaite seo réamhghabhálach ó thaobh tacú le riachtanais gheilleagar na hÉireann atá ag teacht chun cinn.

Agus an straitéis seo á forbairt, tháinig trí sprioc straitéiseacha chun cinn a fhágfaidh go mbeidh an UCNÉ mar eiseamláir tosaigh don tionscal, eiseamláir a chumasóidh athrú ó bhonn do na fiontair ar a bhfreastalaíonn sé agus a chosnaíonn sé. Tá achoimre thíos ar na trí sprioc straitéiseacha don straitéis:

- **Feabhas a chur ar línte seirbhíse reatha an UCNÉ chun luach níos fearr a sholáthar d'fhiontair.**
- **Línte seirbhíse nua a chruthú go nuálach chun glacadh le hathruithe ar Chlaochlú Digiteach, Gníomhú ar son na hAeráide, MedTech, agus an Timpeallacht Thógtha.**
- **Eagraíocht, tallann agus aitheantas branda an UCNÉ a fhorbairt, chomh maith le leas a bhaint as saineolas chun luach a chruthú agus a chothú.**

I gcás gach ceann de na spriocanna straitéiseacha seo forbraíodh, rinneadh scóipeáil agus pleanáil acmhainní ar roinnt tionscnamh straitéiseacha tionscadail. Cuirtear i láthair iad sa tuarascáil seo, ag leagan síos trí cholún straitéiseacha don straitéis.






Agus í réidh le glacadh leis na caighdeáin agus na ceanglais deimhniúcháin ar fud na dtionscnamh forbartha náisiúnta in Éirinn, mar aon le timpeallachtaí reachtaíochta agus rialachais atá ag teacht chun cinn, cruthaíodh straitéis an UCNÉ le sainordú Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG) ar leith. Áirítear leis seo fócas soiléir ar an aistear claochlaithe dhigitigh atá amach roimh fhiontair Éireannacha.

Cinnteoidh an cur chuige seo go mbeidh tionscnaimh ghníomhaíochta comhshaoil agus aeráide leabaithe ar fud na straitéise; go gcuimsíonn tionchar sóisialta na straitéise ionchur ilchineálach agus cuimsitheach ar fud na dtionscnamh straitéiseacha atá ag teacht chun cinn; agus go bhfuil sainordú seirbhíse poiblí na heagraíochta fós mar bhunchloch dá fheidhm lárnach, ag cinntiú le chéile inbhuanaitheacht i mbonn straitéiseach don UCNÉ agus do na fiontair a dtugann sé tacaíocht dóibh. Beidh sé seo thar a bheith suntasach i bhfianaise nádúr luathaithe roinnt de na forbairtí seo, le ról ag an UCNÉ chun fiontair a chumasú, lena n-áirítear FBManna, cuideachtaí ilnáisiúnta, agus an slabhra soláthair, agus tomhaltóirí a chosaint agus iad ag ullmhú chun glacadh le riachtanais agus éilimh an domhain, atá ag forbairt go tapa, amach anseo.



Glactar uaillmhian na straitéise seo trí catagóiriú a dhéanamh ar na tionscnaimh straitéiseacha tionscadail go léir atá beartaithe, rangaithe thar cheithre cheathrú de thionchar an athraithe; sainaithnítear iad mar oiriúnaitheach, atógálach, forbartha nó réabhlóideach. Ar an iomlán, tar éis measúnú a dhéanamh ar na tionscnaimh straitéiseacha tionscadail atá ag teacht chun cinn, imíonn dlús foriomlán an athraithe don straitéis seo i dtreo an cheathrú éabhlóideach.



I dteannta a chéile, cuirfidh na tionscnaimh straitéiseacha tionscadail seo ar chumas na heagraíochta sármhaitheas a thiomáint agus tacú le fiontair, fás eacnamaíoch marthanach a chur chun cinn agus cosaint na sochaí a chinntiú, agus ag an am céanna ag glacadh le réitigh agus córais nuálacha de réir mar a fhreastalaíonn an eagraíocht ar líonra domhanda Éireannach de pháirtithe leasmhara idirnasctha atá ag fás. I ndomhan dinimiciúil atá ag méadú i gcónaí agus ina bhfuiltear ag súil le caighdeáin níos airde, cuirfidh an straitéis uaillmhianach seo ar chumas an UCNÉ dul i ngleic go díreach leis na príomhréimsí ríthábhachtacha chun tacú le fás sa todhchaí laistigh de gheilleagair intíre agus dhomhanda araon.

**RATHÚLACHT DE BHARR FORBARTHA**



# Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara



NSAI

Mar chuid den phróiseas straitéiseach a úsáideadh i gcruthú Straitéis UCNÉ 2022-2026 – Nuálaíocht chun Todhchaí Inbhuanaithe, níos Sábháilte agus níos Fearr a mhúnlú, iarradh aiseolas ar phríomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha de chuid an UCNÉ, lena n-áirítear comhairliúchán poiblí. Glacadh le próiseas rannpháirteachais le páirtithe leasmhara a bhí leathan agus éagsúil chun a chinntiú go gcloisfí gach duine. Chuir gach grúpa peirspictíochtaí ar leith agus sainiúla i láthair. Áiríodh sa rannpháirtíocht suirbhéanna agus agallaimh inar cuireadh réimsí soiléire d'fhócas agus de threoir straitéiseach ar fáil don UCNÉ.

Breithníodh an t-aiseolas seo mar aon le straitéisí ábhartha náisiúnta, cosúil le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021, Tionscal 4.0, Plean Fáis FBManna, agus an Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga, chun téamaí a bhaineann leis an straitéis seo a shainaithint agus chun deiseanna comhpháirtíochta féideartha le comhlachtaí eile a fhiosrú. Chinntigh na gníomhaíochtaí seo go léir gur éisteadh go comhréireach le tuairimí éagsúla ó pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha de chuid an UCNÉ. Tháinig téamaí soiléire chun solais ón rannpháirteachas seo, agus glacadh leo i bhforbairt cuspóirí straitéiseacha agus tionscnaimh straitéiseacha tionscadail.



# Timpeallacht an Mhargaidh Sheachtraigh



NSAI

Thug an comhairliúchán le páirtithe leasmhara peirspictíocht shoiléir d'fhoireann straitéise an UCNÉ ar na sruthanna agus an treo atá ag teacht chun cinn i straitéis an UCNÉ. Dhírigh roinnt téamaí a gineadh laistigh den chomhairliúchán le páirtithe leasmhara ar leathnú sheirbhísí reatha an UCNÉ isteach i margaí agus in earnálacha nua ar nós an Chlaochlaithe Dhigitigh, na Timpeallachta Tógtha, an Ghníomhaithe ar son na hAeráide agus na Teicneolaíochta Leighis. Chun cur leis seo, rinneadh anailís mhargaidh sheachtraigh chun an tírdhreach a mheasúnú le haghaidh téamaí nua atá ag teacht chun cinn chun tuiscint a sholáthar ar mhórthreochtaí a mbíonn tionchar acu ar gach fiontar agus gnólacht araon. Rinneadh bailíochtú freisin ar phríomhthéamaí a d'eascair as an gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus soláthraíodh comhthéacs soiléir chun tuairimí a thiontú ina gcinntí eolasacha. Rinneadh an anailís seo thar chúig pheirspictíocht chun dearcadh cuimsitheach maidir le fórsaí an mhargaidh sheachtraigh a fhorbairt.

## An Geilleagar Domhanda

Rinne an phaindéim tástáil throm ar gach geilleagar domhanda le dianghlasáil, éigeandálaí cúram sláinte, agus cliseadh i slabhra an tsoláthair, rud ba chúis leis an gcúlú eacnamaíoch domhanda a raibh tionchar diúltach aige ar gach tír, lena n-áirítear tíortha atá ag teacht chun cinn agus tíortha i mbéal forbartha. Mar sin féin, thug sé chun tosaigh freisin an tábhacht a bhaineann le claochlú digiteach, socraithe oibre solúbtha, agus athléimneacht fiontar ar fud na n-earnálacha go léir. Anois, le tacaíocht ó chláir vacsaínithe ar fud an domhain, tá téarnamh V-chruthach i ndán do gheilleagar na hÉireann agus an domhain sna 2-3 bliana amach romhainn. Táthar ag tuar go dtiocfaidh fás 7.2% ar OTI na hÉireann in 2021 agus 5.1% in 2022 (Réamhaisnéis an Choimisiúin Eorpaigh, Iúil 2021).

Réamhaisnéis maidir le Fás OTI na hÉireann '22 go '26

**+16%**



## Dearcadh Príomhearnálacha agus Tionscail

Tháinig stop le go leor tionscail agus earnálacha de bharr dúnta dhomhanda, agus ba iad taisteal, fáilteachas, déantúsaíocht agus miondíola na cinn is mó a cuireadh isteach orthu. Chuir na hearnálacha oideachais, seirbhísí poiblí, seirbhísí gairmiúla, cúram sláinte agus miondíola dlús le glacadh na teicneolaíochta digití chun leanúnachas gnó a choinneáil. Leag an treocht seo béim ar a thábhachtaí atá sé geilleagair a ullmhú le haghaidh glacadh agus cur i bhfeidhm forleathan phríomhtheicneolaíochtaí na todhchaí lena n-áirítear: 5G, IoT, AI, VR/AR, Meaisínfhoghlaim, Nanaitheicneolaíocht, agus priontáil 3D. Tháinig cibearshlándáil agus sicréideacht sonraí chun solais le ríthábhacht chun muinín agus trédhearcacht a fhorbairt agus a chothabháil, de réir mar a chuir fiontair feabhas ar a gclaochlú digiteach le chéile. Bhí comhthionchar Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG), mar phríomhbhbhearta le haghaidh claochlú dearfach agus forásach maidir le gníomhú ar son na haeráide; éagsúlacht agus cuimsiú; agus cuireadh luas faoi phróisis inbhuanaitheachta sa rialachas ar fud an domhain, de réir mar a tháinig laghdú ar dhúil an domhain ó thaobh fuinnimh breosla iontaise, le hinfheistíocht luathaithe i scéimeanna fuinnimh in-athnuaite ar an ráta is airde riamh. Cuireadh Éire ar liosta geilleagair dhomhanda freisin agus í ag seasamh le Comhaontú Pháras, chun Neodracht Charbóin a bhaint amach faoi 2050, a bhfuil gealltanais a d'eascair as Cruinniú Mullaigh Ghlaschú COP26 mar thaca leis.

**Neodracht Charbóin**
**2050**



# Fórsa Saothair agus Bealaí Oibre

Ar fud an domhain, dhírigh fiontair ar chianobair agus socraithe oibre solúbtha chun a chinntiú go mbeadh lucht saothair fostaithe i gcónaí agus chun leanúnachas gnó á chothabháil. Chuidigh an t-aistriú go cianobair le fiontair a chothú trí chostais oibriúcháin agus taistil a laghdú agus táirgiúlacht a mhéadú le níos mó éifeachtúlachta ó thaobh déileáil le custaiméirí. Ghlac fostaithe leis na buntáistí a bhaineann le socraithe oibre solúbtha agus tá fostóirí faoi láthair ag forbairt straitéisí oibre solúbtha hibrideacha mar ghné bhuan d'ionaid oibre amach anseo. In Éirinn, bhí 53% díobh siúd a bhí ag obair ag iarraidh leanúint ar aghaidh ag obair ó chian ar feadh níos mó ná lá amháin sa tseachtain, fiú nuair a thagann deireadh leis an bpaindéim (OÉ Gaillimh i gcomhar le Coimisiún Forbartha an Iarthair, Bealtaine 2021).

**Ionchas ó thaobh Obair Hibrideach**
**53%**



## Cad a d’fhéadfadh a bheith sa Todhchaí?

Leis an luas a d’athraigh an domhan le linn 2020-2021, cuireadh béim ar ról na hathléimneachta, na hinoiriúnaitheachta agus glacadh na teicneolaíochta i gcás geilleagair agus fiontair. Tugann an t-athrú claochlaitheach seo ról na rialála, an chaighdeánaithe agus an deimhniúcháin chun tosaigh maidir le muinín, creidiúnacht agus iontaobhas a chothú i dtáirgí agus i seirbhísí. Caithfidh comhlachtaí rialála agus caighdeánaithe domhanda smaoineamh ar a bheith réamhghníomhach, dinimiciúil agus níos tapúla chun a chinntiú go bhfuil luas na gcreataí agus na rialachán ar chomhchéim le luas an athraithe.

Dinimic an Athraithe
**Réamhghníomhach, Dinimiciúil, Níos tapúla**



## Cá bhfuil ár bPiaraí?

Tá an tírdhreach straitéiseach domhanda d'údaráis rialála, méadreolaíochta agus deimhniúcháin náisiúnta agus réigiúnacha athdhírithe ar an stát amach anseo chun ábharthacht agus luach a mheas agus a fhorbairt, lena n-áirítear réitigh a bhaineann le faire na fáistine le haghaidh claochlú digiteach, gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht, an timpeallacht thógtha, agus teicneolaíocht leighis. Agus iniúchadh á dhéanamh ar bhealaí nua ceannaireachta sna hearnálacha claochlaitheacha, is fórsa tiomána suntasach san athrú straitéiseach iad na hiomaitheoirí agus piaraí seo atá ag teacht chun cinn. Tá deis ann don UCNÉ glacadh le traschomhoibriú le piarghrúpaí chun leanúint ar aghaidh agus tógáil ar an gcultúr aistrithe eolais atá ann cheana féin.

**Athbhreithniú Piaraí**

Fócas Claochlaitheach

Fórsa Ceannaireachta

Traschomhoibriú



# Ailíniú le Straitéis na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta




NSAI

Chun a chinntiú go bhfuil an straitéis seo 'UCNÉ 2022-2026 – Nuálaíocht chun Todhchaí Inbhuanaithe, níos Sábháilte agus níos Fearr a mhúnlú' ag teacht le straitéis reatha RFTF, pléadh roinnt príomhghnéithe de straitéis RFTF agus a príomhspriocanna sa tuarascáil seo.

Cuireann spriocanna straitéiseacha RFTF téarnamh geilleagrach inbhuanaithe, comhionannas san ionad oibre, timpeallachtaí rialála feabhsaithe, aistriú gníomhaíochta aeráide, agus spreagadh nuálaíochta, agus aclaíocht laistigh d'éiteas seirbhíse poiblí chun cinn chun cur i bhfeidhm beartais a sheachadadh. Chun cur leis seo, tá tionscnaimh shonracha ag straitéis an UCNÉ atá dírithe ar thacú le fás eacnamaíoch náisiúnta trí fhorbairt agus trí thacaíocht do FBManna, cruthú fostaíochta agus fás a chumasú; ag glacadh le héagsúlacht agus cuimsiú i gcomhfhorbairt a straitéise; tarraingteacht trádála na hÉireann a fheabhsú trína seirbhísí reatha agus amach anseo; tacú le fiontair ó thaobh claochlú digiteach; chomh maith le tionscnaimh tacaíochta a chruthú chun cabhrú le hÉire a spriocanna maidir le laghdú astaíochtaí agus neodracht charbóin a bhaint amach faoi 2050. Ina theannta sin, i bhfianaise chultúr láidir fiontraíochta na hÉireann, a bhfuil cáil air mar gheall ar chaighdeán nuálach a fiontraithe, agus atá aitheanta ag fiontraithe mar thimpeallacht den scoth chun gnó a thosú agus a fhás, tá an UCNÉ i riocht maith leis an straitéis seo chun tacú le straitéis fáis na bhfiontraithe, ag cur ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar a ndúshláin go muiníneach, ag baint leasa as a lánacmhainneacht.

Ag glacadh le beartais náisiúnta iomchuí atá nasctha le Straitéis AI, Déantúsaíocht 4.0, Tithíocht do Chách, Gníomhú ar son na hAeráide 2021, Plean Fáis FBM, Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, tá sruthanna cur chuige nua san áireamh ina straitéis ag an UCNÉ maidir le comhpháirtíochtaí a fhorbairt le comhlachtaí poiblí, agus le fiontair phríobháideacha araon chun tacú le rochtain níos forleithne agus níos éifeachtúla maidir leis na hathruithe i bhfaire na fáistine ar fud na hearnála ábhartha uile chun rochtain, anailís agus cumarsáid a dhéanamh ar fhaisnéis a chuirfidh ar chumas fiontair aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna folaithe, atá ag teacht chun cinn, go háirithe iad siúd a d'fhéadfadh bac a chur ar fhás inbhuanaithe.

# Misean, Fís agus Luachanna




NSAI

Mar chuid den phróiseas pleanála straitéisí, rinneadh athbhreithniú ar mhisean, fhís agus luachanna an UCNÉ chun tacú leis an straitéis. Measadh go raibh gá an misean, an fhís agus na luachanna don NSAI a athnuachan chun ailíniú leis an straitéis nua 'UCNÉ 2022-2026 – Nuálaíocht chun Todhchaí Inbhuanaithe, níos Sábháilte agus níos Fearr a mhúnlú'. Rinneadh athnuachan ar na trí comhstruchtúir straitéiseacha seo, agus tá siad leagtha amach thíos.

Socraítear i Misean athnuaite an UCNÉ, atá ailínithe leis an straitéis nua, mar atá leagtha amach thíos, cad a dhéanann an UCNÉ, conas a dhéantar é, cé dó a dhéantar é, agus an luach a thugann sé.

Tiomáineann agus tacaíonn an UCNÉ le sármhaitheas d'fhiontair agus do chosaint na sochaí, agus ag an am céanna ag glacadh le réitigh agus córais nuálacha. Freastalaíonn an UCNÉ ar líonra domhanda Éireannach de pháirtithe leasmhara idirnasctha chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht, acmhainneacht, inscálaitheacht, agus nuálaíocht, ailínithe le glacadh le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá le teacht.

**Nuálaíocht chun Todhchaí Inbhuanaithe, níos Sábháilte agus níos Fearr a mhúnlú.**

## Misean

**Baineann an UCNÉ úsáid as ár saineolas agus ár n-oilteacht, mar aon le sárchleachtas an tionscail, chun ár bpobal gnó domhanda a nascadh, a éascú agus a fhorbairt, agus réitigh nuálacha á bhforbairt ag an am céanna, ag múnlú todhchaí inbhuanaithe níos sábháilte agus níos fearr.**

Leagtar amach i ráiteas Físe athnuaite an UCNÉ, atá mealltach agus spreagúil, sprioc don eagraíocht atá dírithe ar an todhchaí, atá ar aon dul leis an straitéis nua.

## Fís

**A bheith aitheanta mar an comhpháirtí is fearr ar fud ár dtírdhreach gnó domhanda ag soláthar seirbhísí teicniúla agus saineolacha den scoth, a éascaíonn rathúlacht gnó atá claochlaitheach agus inbhuanaithe.**

# Luachanna

Beidh bunluachanna athnuaite an UCNÉ mar bhonn agus mar thaca ag an misean agus an fhís, ag múnlú an chultúir, agus ag léiriú gach a bhfuil meas agus luachanna ag an UCNÉ air.

## SÁRMHAITHEAS

Táimid an-bhródúil as inniúlacht agus athléimneacht cheannródaíoch a chur chun cinn agus muid ag iarraidh sármhaitheas a bhaint amach inár gcuid oibre, ag glacadh le hathrú agus deiseanna atá ag teacht chun cinn.

## SAINEOLAS

Agus ár n-inniúlachtaí réamhbhreathnaitheacha á gcoimeád againn, aithnímid an ríthábhacht a bhaineann le forbairt agus fás leanúnach ár ndaoine a chinntiú.

## NUÁLAÍOCHT

Tacaímid leis an ngá atá le solúbthacht agus nuálaíocht ar fud ár bpróiseas, ár gcóras, agus ár seirbhísí, rud a bhaintear amach trí dhúshlán leanúnach a chur romhainn maidir le bealaí an lae inniu.

## CUNTASACHT

Tugaimid muid féin agus a chéile chun cuntais chun ár mbunluachanna a chomhlíonadh go seasta i seachadadh ár misean, agus ag cinntiú an leibhéal is airde creidiúnachta do gach páirtí leasmhar.

## MEAS

Aithnímid nach féidir rath a bhaint amach ach le meas a bheith againn ar éagsúlacht ár bhfoirne, ár gcustaiméirí agus ár gcomhpháirtithe. Cinntítear é seo trí chur chuige oscailte tarraingteach a léiriú inár n-idirghníomhaíochtaí go léir agus trí thimpeallacht a chothú atá bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach.

## COMHOIBRIÚ

Comhoibrímid ar fud ár n-eagraíochta, lenár bhfoireann, chomh maith le comhpháirtithe seachtracha ar bhealach rannpháirteach chun luach inbhuanaithe a chruthú d'Éirinn ar fud tírdhreach domhanda.

## IONRACAS

Is mór againn ionracas agus bainistímid neamhchlaontacht. Is iad seo bunchlocha ár ngníomhaíochtaí agus tá siad chun tosaigh inár ngnóthaíochtaí le gach páirtí leasmhar.

# Tionscnaimh Straitéiseacha Tionscadail



NSAI

Tacaíonn raon tionscnamh straitéiseach tionscadail leis na spriocanna agus na colúin straitéiseacha, lena n-áirítear feabhsú seirbhíse, leathnú seirbhíse agus cumasú eagraíochta, comhdhéanta d'fhothionscadail iolracha a sheachadfar thar shaolré na straitéise. Soláthróidh na seacht bPríomhthionscadal Straitéiseacha (TS), a forbraíodh ón bpróiseas seo, ardán agus treoir don UCNÉ chun glacadh leis na príomhthorthaí ón bpróiseas mionsonraithe forbartha seo, agus leis sin socrófar aistear claochlaitheach don eagraíocht sna cúig bliana amach romhainn.

Tugtar achoimre ar na seacht dTionscnamh Straitéiseacha Tionscadail thíos: Díríonn SP 1 – 6 ar ghlacadh le hathrú agus deiseanna i gcomhthéacs seachtrach, agus tá ceithre shnáithe ar leith ag SP7, tionscadal inmheánach forbartha agus cumasaithe eagraíochta.

***Tá tionscnaimh straitéiseacha tionscadail an UCNÉ leagtha amach de réir gach ceann de na trí sprioc straitéiseacha, atá liostaithe thíos:***

SPRIOC 1 **Feabhas a chur ar línte seirbhíse reatha an UCNÉ chun luach níos fearr a sholáthar d'fhiontair**

SPRIOC 2 **Línte seirbhíse nua a chruthú go nuálach chun glacadh le hathruithe i gClaochlú Digiteach, Gníomhú ar son na hAeráide, MedTech, agus an Timpeallacht Thógtha**

SPRIOC 3 **Eagraíocht, tallann agus aitheantas branda an UCNÉ a fhorbairt, chomh maith le leas a bhaint as saineolas chun luach a chruthú agus a chothú**

# Sprioc Straitéiseach 1:
# Línte seirbhíse reatha an UCNÉ a fheabhsú chun luach níos fearr a sholáthar d'fhiontair

TS 1

## Tacú le Fás Eacnamaíoch Náisiúnta agus le FBManna

### Tionchar Straitéiseach

Úsáid caighdeán (lena n-áirítear Deimhniúchán agus Méadreolaíocht) a leathnú agus a fheabhsú chun fiontair a chothú agus chun athléimneacht, éifeachtúlacht agus iomaíocht gnó a fheabhsú.

### Comhthéacs

Tá tionscnaimh straitéiseacha nua an UCNÉ leagtha amach chun tacú le forbairt inbhuanaithe agus fás cuideachtaí Éireannacha trí ghlacadh leis an gcleachtas is fearr i gcaighdeánú, deimhniú agus rialú.

Ós rud é gurb ionann FBManna agus thart ar 99% de na fiontair ghnó ar fad in Éirinn, tacóidh agus cothóidh a bhfás go díreach le fás eacnamaíoch, nuálaíocht, cruthú post agus lánpháirtiú sóisialach na hÉireann.

Díreoidh an tionscnamh straitéiseach tionscadail seo ar a chinntiú go bhfeictear níos mó ná riamh caighdeánú mar dhroichead idir taighde, nuálaíocht, agus an margadh, agus mar mhodh chun eolas a ghabháil agus a scaipeadh, agus chun comhlíonadh a léiriú trí dheimhniú agus iniúchadh. Tríd an méid sin, is féidir leis an UCNÉ cur go dearfach leis an ngeilleagar trí thacú le fás agus le rathúnas FBManna chun a bheith iomaíoch i gcónaí ar an ardán domhanda.

### Bunspriocanna Inghnóthaithe

- Bonneagar a chur ar fáil chun tacú leis na riachtanais atá curtha in iúl ag FBManna
- Cláir agus pacáistí tacaíochta gnó inbhuanaithe a fhorbairt do FBManna
- Teicneolaíocht dhigiteach agus Intleacht Shaorga a ghiaráil chun tacaíochtaí uathrialaitheacha ar líne agus aistrithe eolais a sholáthar do ghnóthaí
- Aitheantas Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais maidir le luach straitéiseach agus úsáid caighdeán a fheabhsú chun tacú le seachadadh beartais phoiblí

TS 2

## Aistriú agus Comhroinnt Eolais

### Tionchar Straitéiseach

Go n-aithneofar agus go ndéanfar tagairt don UCNÉ agus go mbeidh sé rannpháirteach mar fhoinse inrochtana eolais luachmhar a chuireann le rathúlacht gnó agus le beartas náisiúnta.

### Comhthéacs

Cuirfidh an UCNÉ luach a stórtha lárnacha bainistíochta faisnéise agus eolais ar fáil do ghníomhaithe gnó agus eacnamaíocha na hÉireann, chun cruth a n-eagraíochtaí agus a n-earnálacha gnó amach anseo a chur ar an eolas agus tionchar a imirt orthu.

Tagraíonn an tionscnamh seo maidir le hAistriú agus Comhroinnt Faisnéise do chomhroinnt eolais idir daoine aonair, grúpaí, ar fud úsáideoirí reatha agus úsáideoirí a bheidh ann amach anseo, a bhfuil comhchuspóir acu.

Mar stór eolais teicniúil, córais agus próisis déantar tagairt shonrach san Acht UCNÉ 1996, laistigh d'fheidhmeanna an Údaráis, chun úsáid sonraíochtaí caighdeánacha a spreagadh chun próisis a fheabhsú; treoracha, moltaí, agus cóid chleachtais a fhoirmiú; agus faisnéis i gcaighdeáin a chur chun cinn agus a scaipeadh; mar thoradh air sin, tá ról soiléir ag an UCNÉ chun an leas is fearr a bhaint as rannpháirtíocht an Stáit i gcaighdeánú do gheilleagar na hÉireann.

### Bunspriocanna Inghnóthaithe

- Pointe rochtana tairsí agus creat a fhorbairt chun tacú le haistriú eolais
- Clár aistrithe eolais inmheánach struchtúrtha a fhorbairt chun a chur ar chumas an UCNÉ éirí níos athléimní, ag neartú cultúr na foghlama agus an fháis
- Clár inbhuanaithe a fhorbairt maidir le scaipeadh saineolais an UCNÉ i measc earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo

# Sprioc Straitéiseach 2:
## Línte seirbhíse nua a chruthú go nuálach chun glacadh le hathruithe a bhaineann le Claochlú Digiteach, Gníomhú ar son na hAeráide, MedTech, agus an Timpeallacht Thógtha

TS 3

### Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

#### Tionchar Straitéiseach

Go mbeidh seirbhísí an UCNÉ ina bpríomhluamhán chun dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil ar nós athrú aeráide.

#### Comhthéacs

Gníomhóidh NSAI mar rannpháirtí lárnach sa dúshlán chun dul i ngleic le hathrú aeráide. Aithníonn an UCNÉ an gá atá ann dul i ngleic le hathrú aeráide agus na dúshláin chomhshaoil ghaolmhara mar thasc sonrach na glúine seo agus measann sé go bhfuil caighdeáin ina gcumasóir ríthábhachtach do réitigh a theastaíonn le haghaidh Aistriú Glas.

Tá bagairtí móra ar an gcomhshaol sa domhan má theipeann air aghaidh a thabhairt ar rioscaí ar nós athrú aeráide, caillteanas ó thaobh bithéagsúlacht agus truailliú. Trasnaíonn na saincheisteanna seo agus saincheisteanna eile teorainneacha náisiúnta agus ní féidir le duine aonair amháin, cuideachta amháin (m.sh., MNC, SME, Forbróir Fuinnimh), nó rialtas amháin iad a réiteach. Tá gá le comhoibriú idirnáisiúnta, d'fhonn inbhuanaitheacht a bhaint amach seachas réitigh ghearrthéarmacha.

Leagfar amach sa tionscnamh straitéiseach tionscadail seo príomhról an UCNÉ maidir le Caighdeáin Idirnáisiúnta a thiomsú agus a léirmhíniú, a bheidh mar uirlisí tábhachtacha chun an t-aistriú i dtreo todhchaí níos inbhuanaithe a threorú agus tacú leis. Ag leibhéal náisiúnta tá tarraingt shuntasach á baint amach ag an UCNÉ cheana féin lena ionchur sa Phlean Gníomhaithe Aeráide. Tá cumas ollmhór ann chun tacar uirlisí an UCNÉ - Deimhniúchán, Caighdeáin, Méadreolaíocht Dlí & Náisiúnta - a chur i bhfeidhm ar na dúshláin mhóra agus faoi láthair níl aon dúshláin níos mó ná na bagairtí ar ár gcomhshaol.

#### Bunspriocanna Inghnóthaithe

- Seirbhísí a leagan amach chun tacú le hAistriú Glas na hÉireann mar fhórsa cumasúcháin, ag deimhniú agus ag tomhas comhlíonta, ag déanamh taighde agus ag rialú le haghaidh nuálaíocht atá neamhdhíobhálach don timpeallacht agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe.
- Bonneagar a sholáthar chun iarrachtaí an UCNÉ a threorú agus a stiúradh chun tacú leis an Aistriú Glas – ina mbeidh Lárionad Sármhaitheasa atá dírithe ar Ghníomhú ar son na hAeráide
- An UCNÉ a bhunú mar eagraíocht eiseamláireach maidir le tiomantas do spriocanna comhshaoil inmheánacha

## TS 4 Claochlú Digiteach - Cibear, Intleacht Shaorga, Róbataic, 27001

### Tionchar Straitéiseach

Feidhmíonn an UCNÉ mar phríomhthionchar agus nuálaí an Chlaochlaithe Dhigitigh in Éirinn, as a dtagann muinín níos fearr i mbonneagar gnó digitigh na hÉireann.

### Comhthéacs

Beidh an UCNÉ ar thús cadhnaíochta maidir le Claochlú Digiteach trí chaighdeáin a fhorbairt agus trí phróisis a chur i bhfeidhm a fheabhsóidh muinín i mbonneagar gnó digitigh na hÉireann. Tá claochlú digiteach mar chuid lárnach le haghaidh rathúlacht gnó agus ina phríomhspreagthaí ó thaobh fás táirgiúlachta trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar cháilíocht próisis.

Tá an méadú i nglacadh na dteicneolaíochtaí ag cur isteach ar róil thraidisiúnta agus ag déanamh claochlú ar shaol na hoibre, le post amháin as gach trí in Éirinn i mbaol mór a bheith faoi thionchar an digitithe. Ar fud na bhfiontar go léir, tá eagraíochtaí ag luasghéarú próisis um chlaochlú digiteach le haghaidh fás agus brabúsacht san fhadtéarma, ach tá líon suntasach FBManna fós gan tástáil ó thaobh dúshlán digiteach agus a n-ullmhacht don chlaochlú digiteach. Ó thaobh na seirbhíse poiblí de, tá Clár Oibre Digiteach don tSeirbhís Phoiblí leagtha amach ag an Rialtas, ag tabhairt cuspóirí soiléire do chomhlachtaí poiblí le n-oibriú ina dtreo.

Díreoidh an tionscnamh seo ar an UCNÉ agus iad ag comhoibriú le heintitis phoiblí agus phríobháideacha, chomh maith le rannpháirtíocht i bpróisis chaighdeánaithe idirnáisiúnta, chun scéimeanna deimhniúcháin agus seirbhísí eile an UCNÉ a fhorbairt a chuirfidh ar chumas eagraíochtaí freagairt do nádúr cuimsitheach an chlaochlaithe dhigitigh chun a gcuid Próisis, Múnlaí Gnó, Fearainn agus Claochluithe Chultúrtha/ Eagraíochta a athshamhlú.

### Bunspriocanna Inghnóthaithe

- Go n-aithneofar seirbhísí an UCNÉ mar phríomhluamhán agus ceannaire i dteacht chun cinn éiceachóras digiteach na hÉireann trí phróisis agus trí sheirbhísí digiteacha nua-aimseartha solúbtha
- Go mbeifear ar thús cadhnaíochta an athraithe dhigitigh trí chaighdeáin agus deimhnithe a fhorbairt do ghnó agus do rialtas na hÉireann chun muinín i dtionscal na hÉireann a mhéadú
- Digitiú FBManna a chumasú do Thionscal 4.0, ardáin ar líne, éiceachórais blocshlabhra, agus intleacht shaorga
- Córais agus réitigh chaighdeánaithe a sholáthar chun cosaint slándála digitigh feabhsaithe a sholáthar d'infreastruchtúr digiteach na hÉireann

TS 5

# An Timpeallacht Thógtha - Tithíocht, Tógáil, Táirgí & Próisis

## Tionchar Straitéiseach

Feidhmíonn an UCNÉ mar phríomhthionchar agus nuálaí an Chlaochlaithe Dhigitigh in Éirinn, as a dtagann muinín níos fearr i mbonneagar gnó digiteach na hÉireann.

## Comhthéacs

Soláthróidh agus leathnóidh an UCNÉ tacaíocht ríthábhachtach d'acmhainneacht tógála na hearnála poiblí agus príobháidí chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach i gcomhthéacs thimpeallacht thógtha na hÉireann, le fócas ar leith ar ábhair thógála, modheolaíochtaí agus próisis.

Tá sé ríthábhachtach caighdeáin a fheabhsú agus tacú le forbairt thionscal táirgí foirgníochta agus tionscal foirgníochta na hÉireann mar earnáil inbhuanaithe agus nuálach de gheilleagar na hÉireann, ní hamháin chun beartais Rialtais a sheachadadh go rathúil ach freisin mar onnmhaireoir suntasach táirgí chuig an AE agus chuig an RA.

Mar Chomhlacht na hÉireann a dtugtar fógra dó maidir le Rialachán um Tháirgí Foirgníochta, tá an UCNÉ ag croílár iarracht onnmhairiúcháin na hearnála, agus cuireann glacadh chaighdeáin an UCNÉ ag an earnáil deis ar fáil chun athléimneacht agus oiriúnacht don chuspóir a fheabhsú do ghnólachtaí foirgníochta in aghaidh na ndúshlán timpeallachta, teicneolaíochta agus táirgiúlachta atá ag teacht chun cinn agus faoi láthair tá Éire sa cheathrú háit déag i Limistéar an Euro maidir le táirgiúlacht lucht saothair.

## Bunspriocanna Inghnóthaithe

- Ábhar Caighdeáin & Deimhniúcháin a Fhorbairt do Tháirgí Criticiúla (PV Gréine, Teaschaidéil & Ais-suiteáil Foirgnimh)
- Seirbhísí reatha a leathnú agus seirbhísí nua a chruthú chun freastal ar éileamh méadaitheach an rialtais agus an tionscail
- Próiseas deimhniúcháin táirge a fheabhsú tuilleadh chun a chinntiú go dtugtar tacaíocht thráthúil do riachtanais athraitheacha Timpeallacht Thógtha na hÉireann
- Seirbhísí deimhniúcháin a sheachadadh faoi UKAS le bheith ina chomhlacht ceadaithe RA

TS 6

# Teicneolaíocht Leighis

## Tionchar Straitéiseach

Glactar leis an UCNÉ mar cheannaire smaoinimh a fhorbraíonn samhail oibriúcháin feistí leighis inbhuanaithe den scoth, a sholáthraíonn rochtain do chliaint Éireannacha agus gaolmhara ar mhargaí domhanda iolracha, chun fás a éascú agus sláinte a fheabhsú.

## Comhthéacs

Forbróidh an UCNÉ a chuid seirbhísí le go mbeidh ról lárnach aige san éiceachóras MedTech agus beidh sé mar chumasóir teicneolaíochta leighis speisialaithe do chuideachtaí Éireannacha nó cuideachtaí gaolmhara Éireannacha chun cabhrú leo dul isteach i margaí domhanda, agus ag an am céanna sláinte an daonra dhomhanda a fheabhsú.

Is í roinn feistí leighis an UCNÉ an t-aon chomhlacht deimhniúcháin Éireannach san earnáil seo a sholáthraíonn marcáil CE d'fheistí leighis, diagnóisic in vitro, agus deimhniú ar chórais bainistithe cáilíochta. I bhfianaise na n-athruithe rialála atá tarlaithe ar fheistí leighis le blianta beaga anuas, mar aon leis na hathruithe atá le teacht a bhaineann le rialacháin diagnóisic in vitro agus débhríocht rialála spreagtha ag an mBreatimeacht, tá go leor neamhchinnteachta san earnáil seo, le srianta acmhainne laistigh den timpeallacht deimhniúcháin feistí leighis.

D'fhéadfadh cliseadh tarlú sa mhargadh nuair nach bhfuil an acmhainn laistigh den chóras chun táirgí atá ar an margadh faoi láthair a fhormheas nó táirgí nua nuálacha atá fós le heisiúint, agus beidh tionchar dá bharr sin ar shláinte na ndaonraí domhanda.

Cuirfidh an tionscnamh straitéiseach tionscadail seo feistí leighis an UCNÉ in áit mar cheannaire chun leanúint lena thuras rialála maidir le hainmniú IVDR, stádas comhlacht ceadaithe RA a bhaint amach agus ár n-ainmniúcháin agus creidiúnaithe reatha a choinneáil. Beidh gá le tacaíocht a thabhairt dó seo ó roinn seasmhach, idirnáisiúnta inbhuanaithe, a bheidh in ann freagairt le solúbthacht do na riachtanais mhargaidh atá ag teacht chun cinn.

## Bunspriocanna Inghnóthaithe

- Seirbhísí deimhniúcháin a sheachadadh faoin Rialachán In Vitro-Dhiagnóiseach (IVDR).
- Seirbhísí deimhniúcháin a sheachadadh faoi UKAS agus MHRA le bheith ina comhlacht ceadaithe RA d'fheistí leighis
- Iniúchadh a dhéanamh ar mhúnla gnó feistí leighis an UCNÉ – d'fhonn roinn seasmhach inbhuanaithe a chruthú a bheidh in ann freastal ar riachtanais reatha agus amach anseo earnáil teicneolaíochta leighis na hÉireann.
- Imscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn seirbhísí an UCNÉ le cuideachtaí Éireannacha maidir le suíomh táirgí ar fud an domhain agus tarraingteacht na hÉireann mar mhol MedTech a choinneáil.

# Sprioc Straitéiseach 3:
# Eagraíocht, tallann agus féiniúlacht bhranda an UCNÉ a fhorbairt, chomh maith le leas a bhaint as saineolas chun luach a chruthú agus a chothú

TS 7.1

## Forbairt Eagraíochta 1: Struchtúr Eagraíochta agus Forbartha

### Tionchar Straitéiseach

Forbairt an UCNÉ ina eagraíocht solúbtha a bhfuil an cumas ann freagairt go héifeachtach do riachtanais seirbhíse agus athraitheacha an mhargaidh.

### Comhthéacs

Leanfaidh an UCNÉ ar aghaidh ag forbairt ina eagraíocht solúbtha a mbeidh an cumas ann freagairt go héifeachtach do riachtanais an mhargaidh atá ag teacht chun cinn.

Bunaíodh an UCNÉ go príomha mar ghníomhaireacht tacaíochta fiontraíochta, ag cur seirbhís ríthábhachtach ar fáil do ghnóthaí Éireannacha agus do mhuintir na hÉireann, agus méadaíodh an scóip le himeacht ama. Ag glacadh leis na margaí seachtracha athraitheacha a bhaineann le Gníomhú ar son na hAeráide, Claochlú Digiteach, MedTech agus an Timpeallacht Thógtha, ní mór don eagraíocht UCNÉ leanúint leis an bhforbairt chun luach a sheachadadh sna réimsí seo atá ag teacht chun cinn.

Féachfaidh an tionscnamh straitéiseach tionscadail seo lena chinntiú go bhfuil an struchtúr eagraíochta agus tacaíochtaí ceart i bhfeidhm chun luach a fhorbairt agus a chothú. Bainfear é seo amach trí thionchar leas an phobail a uasmhéadú, cur le hioncaim ón ngéag tráchtála, conair dul chun cinn gairme soiléire a thaispeáint agus freagracht cinnteoireachta as baill foirne an UCNÉ a fhorbairt, rudaí iad seo atá leagtha amach le chéile chun cabhrú le cultúr dul chun cinn agus cuntasachta a chothú ar fud NSAI.

### Bunspriocanna Inghnóthaithe

- An eagraíocht a struchtúrú agus éagsúlacht, cuimsiú agus inbhuanaitheacht á gcur san áireamh ag an am céanna
- Struchtúr eagraíochta a chur i bhfeidhm (ag smaoineamh ar an tionchar atá ag timpeallacht oibre hibrideach atá ag forbairt) chun tarmligean údaráis/freagrachta a éascú agus chun deiseanna forbartha gairm bheatha a sholáthar san eagraíocht.
- Leasuithe reachtaíochta a mholadh chun a chinntiú go bhfuil Achtanna an UCNÉ agus na hAchtanna Méadreolaíochta ina gcumasóirí agus oiriúnach don fheidhm sna seirbhísí/ feidhmeanna atá á gcur ar fáil.

## TS 7.2 Forbairt Eagraíochta 2: Forbairt Tallainne

### Tionchar Straitéiseach

Go n-aithneofar agus go bhfeicfear an UCNÉ mar fhostóir roghnaithe.

#### Comhthéacs

Soláthróidh an UCNÉ timpeallacht agus cultúr gnó chun ligean do thallann an UCNÉ seirbhísí agus torthaí den scoth a sheachadadh. I margadh earcaíochta atá ag éirí níos iomaíche, ní mór don UCNÉ leanúint ar aghaidh ag bogadh i dtreo cur chuige atá ag éirí níos digití ó thaobh próisis AD, d'fhonn nósanna imeachta a shruthlíniú agus leibhéal seirbhíse níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a sheachadadh d'iarratasóirí ionchasacha, baill foirne nua-earcaithe, agus baill foirne agus bainisteoirí seanbhunaithe.

Déanfaidh Plean Fórsa Saothair spriocdhírithe freastal ar riachtanais acmhainnithe an UCNÉ don todhchaí agus soláthróidh sé soiléireacht maidir le Cosáin Gairme struchtúrtha do bhaill foirne, agus na tacaíochtaí a theastaíonn chun freastal ar riachtanais forbartha, lena n-áirítear próiseas bainistíochta feidhmíochta atá oiriúnach don fheidhm, agus cuir chuige spriocdhírithe foghlama & forbartha.

#### Bunspriocanna Inghnóthaithe

- Straitéis Foghlama & Forbartha ardtionchair in Eagraíocht Rannpháirteach
- Píblíne láidir tallainne i bhfeidhm le cosáin ghairme struchtúrtha d'fhostaithe bunaithe ar chur chuige straitéiseach pleanála fórsa saothair

## TS 7.3 Forbairt Eagraíochta 3: Aitheantas Branda agus Margaidh

### Tionchar Straitéiseach

An UCNÉ a aithint mar an t-údarás agus an chéad phointe teagmhála do gach ábhar a bhaineann le riachtanais ghnó agus caighdeáin táirgí agus córais ina réimse saineolais.

#### Comhthéacs

Breathnófar ar bhranda an UCNÉ mar bhranda láidir agus inchreidte sa mhargadh agus ina ghlór iontaofa, le láithreacht leanúnach thar bhealaí roghnaithe meán le béim ar sheachadadh digiteach.

Bunóidh an tionscnamh straitéiseach tionscadail seo, mar chuid den straitéis nua, branda an UCNÉ ar leibhéal nua níos airde chun straitéis mhargaíochta tras-eagraíochta a athfhorbairt a léireoidh tosaíochtaí eagraíochta nua agus atá ag teacht chun cinn. Caithfidh sé seo páirtithe leasmhara reatha an UCNÉ a chur san áireamh, iad siúd a bhfuil aithne acu ar an UCNÉ, agus cumarsáid a dhéanamh freisin le páirtithe leasmhara nua, iad siúd nach bhfuil aon eolas acu faoi láthair ar thairiscint seirbhíse an UCNÉ.

#### Bunspriocanna Inghnóthaithe

- Straitéis agus cultúr margaíochta uileghabhálaí de chuid an UCNÉ ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha, riachtanais forbartha gnó agus sprioclucht féachana an UCNÉ.
- Straitéis cumarsáide inmheánaí ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha agus cuspóirí forbartha eagraíochtúla an UCNÉ

TS 7.4

## Forbairt Eagraíochta 4: Sármhaitheas Oibriúcháin agus Teicneolaíocht

### Tionchar Straitéiseach

Éireoidh an OCNÉ níos éifeachtúla ó thaobh oibríochta de agus sásófar níos fearr riachtanais a pháirtithe leasmhara agus feabhsófar eispéireas an chustaiméara.

**Comhthéacs**

Éireoidh oibríochtaí an OCNÉ níos éifeachtaí agus freastalóidh siad ar riachtanais a bpáirtithe leasmhara ar bhealach níos éifeachtaí agus feabhsófar eispéireas an chustaiméara.

Mar eiseamláir d'fheabhsúchán leanúnach, cabhróidh an tionscnamh straitéiseach tionscadail seo leis an OCNÉ glacadh le hathrú, córais agus próisis nua a fhorbairt a choinneoidh agus a fheabhseoidh na láidreachtaí atá ann cheana féin mar atá léirithe ag páirtithe leasmhara an OCNÉ, iad siúd a léiríonn an úsáid is éifeachtaí as cistí poiblí.

### Bunspriocanna Inghnóthaithe

- Uirlisí, córais agus próisis fheabhsaithe a chur i bhfeidhm
- Plean agus scóip a fhorbairt chun stór idirlín de chaighdeáin a chur ar fáil
- Bunachar sonraí trasfheidhmiúil d'inniúlacht na foirne chun an úsáid is fearr a bhaint as ár saineolas beag beann ar shuíomh na heagraíochta
- Pleanáil Príomhsheasaimh Comharbais le cláir fhorbartha ghaolmhara
- Córas bainistíochta cáilíochta "cliste" a chur i bhfeidhm a cheadaíonn rochtain thapa ar riachtanais phróisis

# Rath a mheas le Scórchárta Ualaithe de Mhéadrachtaí



NSAI

Déanfar cur i bhfeidhm na straitéise seo a thomhas le rathúlacht an OCNÉ thar cheithre phríomhréimse lena n-áirítear tionchar eacnamaíoch, feabhsú na seirbhísí custaiméara, chomh maith leis an gcumas acmhainneacht a athrú agus a fheabhsú chun próisis ghnó an OCNÉ a fheabhsú. Chun tacú leis seo, sainaithníodh agus comhdhlúthaíodh raon méadrachta, arb ionann iad agus tomhais feidhmíochta agus monatóireacht KPI chun dul chun cinn foriomlán chur i bhfeidhm straitéise an OCNÉ a rianú le tomhas thar shaolré na straitéise.

**TS1:** Fás Eacnamaíoch Náisiúnta agus FBManna
**TS2:** Aistriú agus Comhroinnt Eolais
**TS3:** Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht
**TS4:** Claochlú Digiteach
**TS5:** An Timpeallacht Thógtha
**TS6:** Teicneolaíocht Leighis
**TS7.1:** Struchtúr Eagraíochta agus Forbartha
**TS7.2:** Forbairt Tallainne
**TS7.3:** Aitheantas Branda agus Margaidh
**TS7.4:** Sármhaitheas Oibriúcháin agus Teicneolaíocht



NSAI

An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann
1 Cearnóg Swift, An Choill Thuaidh, Seantrabh,
Baile Átha Cliath 9, Éire D09 A0E4

+353 1 807 3800
info@nsai.ie
**www.nsai.ie**